# Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath Ráiteas um Chosaint Leanaí

## 2025/2027

| Rialú Leagan | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Leagan** | **Dáta** | **Cineál athraithe** | **Údar** | **Ceadaithe ag** |
| 1.0 | 14/03/2025 | Athbhreithniú Débhliantúil 2025 | Brendan McNicholas | Brendan McNicholas |
| 1.1 | 30/04/2025 | Ceadaithe ag an bPríomhfheidhmeannach agus ag an bPríomhoifigeach Airgeadais | Brendan McNicholas | Dennis Keeley |
| 1.2 | 10/07/2025 | Leasú ar Dhualgas Neamh-Fheisire | Brendan McNicholas | Dennis Keeley |

Oibríonn Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath Seirbhís Dóiteáin, Tarrthála agus Otharchairr a fhreagraíonn do thart ar 130,000 eachtra gach bliain laistigh de mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, ag freastal ar dhaonra neamhbhuan de thart ar 2 mhilliún duine. Déanann Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath bainistiú ar Ionad Cumarsáide Réigiún an Oirthir freisin, a phróiseálann breis is 200,000 glao 999/112 do sheirbhísí dóiteáin i seacht gcontae déag agus glaonna do sheirbhísí leighis éigeandála i gceantar Bhaile Átha Cliath. Tá ceanncheathrú Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath suite ar 165-169 Sráid Chnoc na Lobhar, Baile Átha Cliath 2, (Éirchód D02 RY99).

Mar gheall ar chineál na n-éigeandálaí, lena n-áirítear dóiteáin *inter alia*, tarrthálacha, eachtraí leighis agus glaonna teileafóin, féadfaidh foireann Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath seirbhísí a sholáthar go díreach do leanaí, uaireanta gan duine fásta a bhfuil aithne ag an leanbh orthu a bheith i láthair. Éascaíonn Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath cuairteanna ar stáisiúin dóiteáin, tá clár Idirbhliana á reáchtáil acu agus tá clár acu ina dtugtar cuairteanna ar scoileanna agus ar imeachtaí pobail mar chuid de. Tá dlúthbhaint ag Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath le carthanas leanaí ar a dtugtar ‘Oscar’s Kids’. Tuigimid an spéis a bhíonn i bhfearais dóiteáin agus otharcharranna agus iad le feiceáil sa phobal.

De réir cheanglais Acht um Thús Áite do Leanaí 2015: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017, agus Treoir Túsla maidir le Ráiteas um Chosaint Leanaí a ullmhú, tá Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath tar éis an Ráiteas um Chosaint Leanaí atá leagtha amach sa doiciméad seo a chomhaontú.

1 Ghlac Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath Polasaí agus Nósanna Imeachta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir le Cosaint agus Sábháilteacht Leanaí 2019 agus cuirfidh sí i bhfeidhm iad go hiomlán agus gan iad a atharú mar chuid den Ráiteas foriomlán seo maidir le Sábháilteacht Leanaí. Is í **Mary Quinn (01 2226173 nó mary.quinn@dublincity.ie)** an tOifigeach um Chosaint Leanaí agus Daoine Fásta atá i mBaol i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

2 **Is í Rachael Lee Comhordaitheoir um Chosaint Leanaí** do Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath. dfbchildsafeguarding@dublincity.ie. Tá roinnt ball foirne de chuid Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath

oilte de réir chaighdeán an Teagmhálaí Ainmnithe. Tá sonraí teagmhála na foirne seo ar fáil ach iad a iarraidh.

3 Aithníonn Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath go bhfuil cúrsaí cosanta agus leasa leanaí fite fuaite le gach gné de chúrsaí a bhaineann le freagairt éigeandála agus dá bhrí sin, ní mór iad a léiriú i ngach polasaí, nós imeachta, cleachtas agus gníomhaíocht de chuid Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath. Cloífidh Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath leis na prionsabail seo a leanas maidir le dea-chleachtas i gcosaint agus leas leanaí:
Déanfaidh Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath na rudaí seo a leanas:

3.1 Glacadh leis go bhfuil cosaint agus leas leanaí ríthábhachtach, beag beann ar aon bhreithniú eile.

3.2 Comhlíonadh iomlán a dhéanamh lena hoibleagáidí reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus faoi reachtaíocht ábhartha eile a bhaineann le cosaint agus leas leanaí, lena n-áirítear Tuairisciú Éigeantach.

3.3 Tabhairt faoi chomhoibriú iomlán leis na húdaráis reachtúla ábhartha i ndáil le cúrsaí cosanta agus leasa leanaí, beag beann ar aon oibleagáidí dlíthiúla.

3.4 Cleachtais sábháilteachta a ghlacadh chun an fhéidearthacht go dtarlóidh dochar nó timpistí do leanaí a íoslaghdú agus chun oibrithe a chosaint ón ngá atá le rioscaí neamhriachtanacha a ghlacadh a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le cúisimh mí-úsáide nó faillí.

3.5 Cleachtas oscailteachta agus measúla le tuismitheoirí a fhorbairt, nuair is féidir, agus a aithint go gcaithfear sábháilteacht an linbh agus na mball foirne araon a chur san áireamh.

3.6 Urraim iomlán a bheith acu do cheanglais rúndachta agus iad ag déileáil le cúrsaí cosanta leanaí, trí phearsanra ábhartha a chur ar an eolas ar bhonn riachtanais amháin, e.g. An Garda Síochána, Túsla, foireann na Roinne Éigeandála agus Teagmhálaithe Ainmnithe laistigh de BDBÁC/DCC.

3.7 Gach nochtadh mí-úsáide a ghlacadh go dáiríre (lena n-áirítear nochtaí cúlghabhálacha), agus imní os cionn na tairsí díobhála a chur in iúl do Túsla, trí úsáid a bhaint as an bhfoirm chuí.

4 Tá na nósanna imeachta/bearta seo a leanas i bhfeidhm:

4.1 Maidir le haon bhall foirne atá faoi réir aon ábhar don imscrúdú (cibé tuairisc atá air) maidir le haon ghníomh, easnamh nó chás i leith linbh faoinár gcúram, cloíonn Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath leis na nósanna imeachta ábhartha a leagtar amach i dtreoirlínte um Thús Áite do Leanaí agus leis na nósanna imeachta araíonachta ábhartha comhaontaithe do Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath agus d'Fhoireann Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar a leagtar amach i mBeartas agus Nósanna Imeachta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir le Cosaint agus Slándáil Leanaí 2019.

4.2 Maidir le roghnú nó earcaíocht foirne agus a n-oiriúnacht chun oibriú le leanaí, cloíonn Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath le ceanglais grinnfhiosrúcháin reachtúla Achtanna an Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Leochaileacha) 2012 go 2016 agus leis an treoir níos leithne maidir le dualgas cúraim a leagtar amach i gciorcláin ábhartha grinnfhiosrúcháin agus earcaíochta an Gharda Síochána arna bhfoilsiú ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

4.3 Maidir le faisnéis agus, más gá, treoir agus oiliúint a sholáthar do bhaill foirne i ndáil le haithint na heachtra díobhála (mar a shainmhínítear in Acht 2015),

- Tá cóip de Ráiteas um Chosaint Leanaí Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath curtha ar fáil do gach ball foirne ag Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath.
- Cinntíonn Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath go gcuirtear oiliúint ábhartha ar chomhaltaí foirne túslíne i ndáil le leas leanaí.
- Molann Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath do gach ball leas a baint as oiliúint ábhartha scilbhisithe agus athnuachana gach dhá bhliain.
- Coinníonn Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath taifid, ag Ionad Oiliúna Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath, ar gach oiliúint foirne.
- Thug Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath pacáiste faisnéise amach do gach ionad oibre de chuid BDBÁC ina bhfuil reachtaíocht agus treoir ábhartha maidir le cosaint leanaí.

4.4 I mBriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath, is í an 'duine iomchuí' (mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015) ná **Mary Quinn (01 2226173 nó mary.quinn@dublincity.ie)** atá ina hOifigeach um Chosaint Leanaí agus Daoine Fásta atá i mBaol i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Is í an chéad phointe teagmhála í i leith an ráitis seo maidir le cosaint leanaí.

4.5 Tá Teagmhálaithe Ainmnithe oilte ag Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath ar féidir leo tacú le daoine a bhfuil údarás acu agus daoine nach bhfuil údarás acu, a bhfuil imní orthu go bhfuil leanbh i mbaol díobhála.

4.6 Déantar athbhreithniú ar liosta de na Teagmhálaithe Ainmnithe gach bliain.

4.7 De réir Alt 2 de "Beartas agus Nósanna Imeachta maidir le Cosaint agus Slándáil Leanaí" Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ó 2019, tá dualgas ar aon fhostaí a bhfuil imní air go ndearnadh dochar do leanbh nó go bhfuil sé i mbaol go ndéanfar dochar dó an imní sin a chur in iúl do Theagmhálaí Ainmnithe.

4.8 Is 'Daoine a bhfuil Údarás Acu' faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 iad gach Teicneoir Leighis Éigeandála, Paraimhíochaineoir agus Paraimhíochaineoir Ardleibhéal atá cláraithe leis an gComhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil agus atá fostaithe ag Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath. Tá Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath tiomanta do thacaíocht iomlán a thabhairt dár nDaoine a bhfuil Údarás Acu agus iad ag tuairisciú a gcuid ábhar imní maidir le leas leanaí do Túsla beag beann ar aon oibleagáid dhlíthiúil.

4.9 Déantar athbhreithniú ar liosta de na Daoine a bhfuil Údarás Acu gach bliain.

4.10 Teastaíonn dé-thuairisciú chuig Túsla agus chuig an nGarda Síochána in imthosca áirithe. Tá na cionta seo ar leith leagtha amach i Sceideal 1, Alt 2 den Acht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar) 2012.

4.11 De réir Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, rinne Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath measúnú riosca ar an díobháil a d'fhéadfadh a bheadh ann do leanbh agus muid i mbun ár ndualgas. Tá liosta de na príomhrioscaí a sainaithníodh le nósanna imeachta Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath chun na rioscaí sin a bhainistiú i gceangal leis an ráiteas seo. Tá measúnú riosca tánaisteach níos mionsonraithe ar fáil ar iarratas.

4.12 Is féidir rochtain a fháil ar na nósanna imeachta éagsúla dá dtagraítear sa Ráiteas seo trí CitiDesk (Mol Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath) nó is féidir le Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath iad a chur ar fáil ar iarratas.

**Tabhair faoi deara:** Níl an méid thuasluaite ceaptha mar liosta uileghabhálach.

5 Ghlac Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath an Ráiteas um Chosaint Leanaí seo ar an 10/07/2025. Tá an ráiteas seo foilsithe ar shuíomhanna gréasáin phríobháideacha Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath, agus tá cóip curtha ar fáil do gach ball de phearsanra Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath. Tá sé inrochtana go héasca ag gach ionad oibre de chuid BDBÁC. Cuirfear cóip den Ráiteas seo ar fáil do Túsla agus don Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige má iarrtar é.

6 Déanfar athbhreithniú ar an Ráiteas um Chosaint Leanaí seo gach dhá bhliain nó a luaithe is féidir tar éis athruithe ábhartha in aon ábhar lena mbaineann an ráiteas seo. Tá an chéad athbhreithniú eile le teacht faoin 10/07/2027.

Sínithe:

Richard Shakespeare
Príomhfheidhmeannach
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Dáta: 10/07/2025

Sínithe: Dennis Keeley

Dennis Keeley
Príomhoifigeach Dóiteáin
Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath
Dáta: 10/07/2025

**Liosta de na príomhrioscaí a sainaithníodh agus nósanna imeachta Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath chun na rioscaí sin a bhainistiú.**

| | Riosca Aitheanta | Nósanna imeachta BDBÁC maidir leis na rio sin a bhainistiú |
|---|---|---|
| 1 | Riosca díobhála/mí-úsáide i leith leanaí ó bhaill BDBÁC | Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.<br>Polasaí um Chosaint Leanaí BDBÁC.<br>Cód Iompair BDBÁC/ DCC.<br>Oiliúint maidir le Cosaint Leanaí.<br>Iarr pearsanra breise e.g. Foireann dóiteáin/Gardaí ach i gcás éigeandála.<br>Ceamaraí in Otharchairr (Polasaí Taifeadta BDBÁC).<br>A chinntiú go bhfuil duine fásta/ball foirne eile i láthair nuair is féidir.<br>Ní cheadaítear aon duine fásta neamhúdaraithe.<br>A chinntiú go ndéantar maoirseacht iomchuí.<br>Nósanna imeachta chun déileáil le líomhain a dhéantar maidir le mí-úsáid i gcoinne fostaí. |
| 2 | Riosca díobhála/mí-úsáide i leith leanaí ó chonraitheoirí, chuairteoirí agus ghlaoiteoirí randamacha nach bhfuil ina mball BDBÁC chuig an stáisiún.<br><br>NÓTA: Caidreamh BDBÁC le carthanas 'Oscar's Kids' | Ní cheadaítear aon duine fásta neamhúdaraithe.<br>Gach cuairteoir cláraithe i Leabhar na gCuairteoirí.<br>Cuairteoirí agus conraitheoirí ar an eolas faoi Pholasaí um Chosaint Leanaí BDBÁC. Féach polasaí PCL 'Oscar's Kids'. |
| 3 | Riosca díobhála/mí-úsáide i leith leanaí ó pháistí eile | Oiliúint maidir le Cosaint Leanaí<br>A chinntiú go bhfuil Cóimheas cuí Daoine Fásta le Leanaí ann |
| 4 | Éagumas i leith comharthaí go bhfuil díobháil/mí-úsáid á dhéanamh do leanaí a aithint | Oiliúint maidir le Cosaint Leanaí<br>Ábhar Oideachais ar fáil in áiteanna oibre<br>DLP ar fáil le haghaidh tacaíochta agus comhairle |
| 5 | Mainneachtain maidir le himní faoi chosaint leanaí a thuairisciú go pras agus i gceart | Oiliúint maidir le Cosaint Leanaí<br>Mura bhfuil sé sainordaithe, tacaíocht chun tuairisc a dhéanamh chuig DLP<br>Má tá sé sainordaithe, tacaíocht chun tuairisc chomhpháirteach a dhéanamh chuig DLP.<br>Feasacht gur féidir le nósanna imeachta araíonachta agus fiosrúcháin maidir le hoiriúnacht chun cleachtadh a bheith ina thoradh ar neamhchomhlíonadh |
| 6 | Easpa Feasachta ar ról agus ar fhreagrachtaí an Duine a Bhfuil Údarás Acu | Oiliúint maidir le Cosaint Leanaí<br>Oiliúint agus uasoiliúint Paraimhíochaineora<br>Meabhráin Eagraíochtúla<br>Ábhar Oideachais ar fáil in áiteanna oibre<br>Oideachas agus Feasacht ar an gceanglas dlí atá ar Dhaoine a bhfuil Údarás Acu tuairisciú faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 |

| | | |
|---|---|---|
| 7 | Foréigean/Iompair Bagrach tar éis cás tuairiscithe sainordaithe | Oiliúint maidir le Cosaint Leanaí<br>Oiliúint agus uasoiliúint Paraimhíochaineora |
| 8 | Táscairí mí-úsáide a thabhairt faoi deara i gcás ina bhfuil mí-úsáideoirí féideartha i láthair | Oiliúint maidir le Cosaint Leanaí gach 2 bhliain<br>Ábhar Oideachais ar fáil in áiteanna oibre<br>DLP ar fáil le haghaidh tacaíochta agus comhairle |
| 9 | Freagairtí ró-dhíograiseacha ar chomharthaí nó nochtadh díobhála/mí-úsáide | Oiliúint maidir le Cosaint Leanaí<br>Oiliúint agus uasoiliúint Paraimhíochaineora, lena n-áirítear oiliúint maidir le scileanna idirphearsanta<br>DLP ar fáil le haghaidh tacaíochta agus comhairle |
| 10 | Teagmháil le leanaí ar na meáin shóisialta lena n-áirítear pictiúir de leanaí a thógáil | Oiliúint maidir le Cosaint Leanaí.<br>Oiliúint agus uasoiliúint Paraimhíochaineora.<br>Cloí le Polasaí Meán Sóisialta DCC. |

NÓTA: Tá measúnú riosca tánaisteach níos mionsonraithe ar fáil ar iarratas.